2026/2015

7.9.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2015 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Meán Fómhair 2026

lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1586 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le hinnealra arna ndréachtú chun tacú le Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

Ag féachaint do Threoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hinnealra, agus lena leasaítear Treoir 95/16/CE ([2]), agus go háirithe Airteagal 7(3) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 7 de Threoir 2006/42/CE, innealra a mhonaraítear i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe nó le codanna de chaighdeáin chomhchuibhithe, caighdeáin ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glactar leis go bhfuil an t-innealra sin i gcomhréir leis na ceanglais fhíor-riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin, ceanglais a chumhdaítear leis na caighdeáin sin nó le codanna díobh.

(2) Le litir M/396 an 19 Nollaig 2006, chuir an Coimisiún iarraidh faoi bhráid an Choiste Eorpaigh um Chaighdeánú (CEN) agus Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (Cenelec) ('an chéad iarraidh') caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtú agus a athbhreithniú chun tacú le Treoir 2006/42/CE, agus an obair ar na caighdeáin sin a chur i gcrích, chun athruithe a chur san áireamh a tugadh isteach leis an Treoir sin i gcomparáid le Treoir 98/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

(3) Thairis sin, le litir M/471 an 29 Meitheamh 2010, chuir an Coimisiún iarraidh eile faoi bhráid CEN ('an dara hiarraidh'), caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtú agus a athbhreithniú chun tacú le Treoir 2006/42/CE, agus an obair ar na caighdeáin sin a chur i gcrích, chun leasuithe agus breiseanna a chur san áireamh a tugadh isteach le Treoir 2009/127/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), ar leasuithe agus breiseanna iad a bhaineann leis na ceanglais fhíor-riachtanacha maidir le cosaint an chomhshaoil nach mór a chomhlíonadh, go sonrach, le hinnealra leata lotnaidicíde freisin.

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj.
([2]) IO L 157, 9.6.2006, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/42/oj.
([3]) Treoir 98/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meitheamh 1998 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hinnealra (IO L 207, 23.7.1998, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1998/37/oj).
([4]) Treoir 2009/127/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leasaítear Treoir 2006/42/CE maidir le hinnealra leata lotnaidicíde (IO L 310, 25.11.2009, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/127/oj).

(4) Ar bhonn na chéad iarrata, dhréachtaigh CEN agus Cenelec na caighdeáin chomhchuibhithe nua seo a leanas lena gcumhdaítear forálacha sábháilteachta: EN 81-42:2025, EN 415-4:2025, EN ISO 3991:2025, EN ISO 4254-20:2025, EN ISO 8437-1:2021 agus an leasú air, EN ISO 8437-1:2021/A1:2026, EN ISO 8437-2:2021 agus an leasú air, EN ISO 8437-2:2021/A1:2026, EN ISO 8437-3:2021 agus an leasú air, EN ISO 8437-3:2021/A1:2026, EN ISO 8437-4:2021 agus an leasú air, EN ISO 8437-4:2021/A1:2026, EN 17657:2025, EN 17969:2026, EN 50374:2025 agus an leasú air, EN 50374:2025/A1:2025, EN ISO/ASTM 52938-1:2025, EN IEC 60335-2-34:2023 agus na leasuithe air, EN IEC 60335-2-34:2023/A11:2023 agus EN IEC 60335-2-34:2023/A12:2025, EN 60335-2-38:2003 agus an ceartúchán air, EN 60335-2-38:2003/AC:2007 agus na leasuithe air, EN 60335-2-38:2003/A1:2008, EN 60335-2-38:2003/A2:2024 agus EN 60335-2-38:2003/A11:2024, EN IEC 62841-2-7:2024 agus an leasú air, EN IEC 62841-2-7:2024/A11:2024 agus an ceartúchán air, EN IEC 62841-2-7:2024/AC:2025-07, chomh maith le EN IEC 62841-3-16:2026 agus an leasú air, EN IEC 62841-3-16:2026/A11:2026..

(5) Ar bhonn na chéad iarrata, rinne CEN agus Cenelec athbhreithniú ar na caighdeáin chomhchuibhithe seo a leanas, caighdeáin ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1586 ón gCoimisiún ([5]): EN 81-3:2000+A1:2008 agus an ceartúchán air, EN 81-3:2000+A1:2008/AC:2009, EN 869:2006+A1:2009, EN 1175:2020, EN 1248:2001+A1:2009, EN ISO 3744:2010, EN ISO 8528-13:2016, EN ISO 10218-1:2011, EN ISO 10218-2:2011, EN ISO 11680-1:2021, EN ISO 11680-2:2021, EN 12312-1:2013, EN 12622:2009+A1:2013, EN 12693:2008, EN 13001-3-5:2016+A1:2021, EN 13288:2005 +A1:2009, EN ISO 13855:2010, EN ISO 14119:2013, EN ISO 16089:2015, EN 16474:2015, EN ISO 18497:2018, EN ISO 19085-4:2018, EN ISO 19085-5:2017, EN ISO 19085-6:2017, EN ISO 19085-7:2019, EN ISO 19085-8:2018, EN ISO 19085-9:2020, EN ISO 19085-11:2020, EN ISO 19085-12:2021 agus an leasú air, EN ISO 19085-12:2021/A11:2023, EN ISO 19085-13:2020, EN ISO 19085-15:2021, EN ISO 19932-1:2013, EN ISO 19932-2:2013, EN ISO 28139:2009, EN 50434:2014 faoi réir sriain, EN 50580:2012 agus an leasú air, EN 50580:2012/A1:2013, EN 50636-2-91:2014, EN 50636-2-100:2014, EN 60335-2-40:2003 agus na ceartúcháin air, EN 60335-2-40:2003/AC:2006, EN 60335-2-40:2003/AC:2010 agus EN 60335-2-40:2003/A13:2012/AC:2013 agus na leasuithe air, EN 60335-2-40:2003/A11:2004, EN 60335-2-40:2003/A12:2005, EN 60335-2-40:2003/A1:2006, EN 60335-2-40:2003/A2:2009 agus EN 60335-2-40:2003/A13:2012, EN 60335-2-58:2005 agus na leasuithe air, EN 60335-2-58:2005/A2:2015 agus EN 60335-2-58:2005/A12:2016, EN 60745-2-12:2009, EN 60745-2-18:2009, EN 60745-2-19:2009 agus an leasú air, EN 60745-2-19:2009/A1:2010, EN 60745-2-20:2009, agus EN 60745-2-22:2011 agus an leasú air, EN 60745-2-22:2011/A11:2013. Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh na caighdeáin chomhchuibhithe seo a leanas: EN 81-30:2025, EN ISO 23063:2025, EN 1175:2025, EN ISO 23779:2025, EN ISO 3744:2026, EN ISO 8528-13:2026, EN ISO 10218-1:2025, EN ISO 10218-2:2025, EN ISO 11680:2025, EN 12312-1:2024, EN ISO 6909:2026, EN 12693:2026, EN ISO 13855:2024, EN 13001-3-5:2025, EN 13288:2025, EN ISO 13855:2024, EN ISO 14119:2025 agus an leasú air, EN ISO 14119/A11:2026, EN ISO 16089:2025, EN 16474:2025, EN ISO 18497-1:2024, EN ISO 18497-2:2024, EN ISO 18497-3:2024, EN ISO 18497-4:2024, EN ISO 19085-4:2024, EN ISO 19085-5:2024, EN ISO 19085-6:2024, EN ISO 19085-7:2024, EN ISO 19085-8:2024, EN ISO 19085-9:2024, EN ISO 19085-11:2024, EN ISO 19085-12:2024, EN ISO 19085-13:2024, EN ISO 19085-15:2024, EN ISO 19932-1:2025, EN ISO 19932-2:2025, EN ISO 28139:2021 agus an leasú air, EN ISO 28139:2021/A1:2024, EN IEC 62841-4-8:2025, EN IEC 62841-2-7:2024 agus an leasú agus an ceartúchán air, EN IEC 62841-2-7:2024/A11:2024 agus EN IEC 62841-2-7:2024/AC:2025-07, EN IEC 62841-4-4:2026 agus na leasuithe air, EN IEC 62841-4-4:2026/A1:2026 agus EN IEC 62841-4-4:2026/A11:2026, EN IEC 62841-4-6:2024 agus an leasú agus an ceartúchán air, EN IEC 62841-4-6:2024/A11:2024 agus EN IEC 62841-4-6:2024/AC:2026-06, EN IEC 60335-2-40:2024 agus an leasú air, EN IEC 60335-2-40:2024/A11:2024, EN IEC 60335-2-58:2025 agus an leasú air, EN IEC 60335-2-58:2025/A11:2025, EN IEC 62841-2-12:2024 agus an leasú agus an ceartúchán air, EN IEC 62841-2-12:2024/A11:2024 agus EN IEC 62841-2-12:2024/AC:2025-11, EN IEC 62841-2-18:2026 agus an leasú air, EN IEC 62841-2 18:2026/A11:2026, EN IEC 62841-2-19:2025 agus an leasú air, EN IEC 62841-2-19:2025/A11:2025, EN IEC 62841-2-20:2025 agus an leasú air, EN IEC 62841-2-20:2025/A11:2025, agus EN IEC 62841-2-22:2025 agus an leasú air, EN IEC 62841-2-22:2025/A11:2025

(6) Thairis sin, ar bhonn na chéad iarrata, leasaigh Cenelec EN ISO 4254-7:2017, EN IEC 62061:2021, EN IEC 62841-2-6:2020 agus an leasú air EN IEC 62841-2-6:2020/A11:2020, chomh maith le EN 62841-2-11:2016 agus an leasú air EN 62841-2-11:2016/A1:2020 faoi réir sriain, ar foilsíodh tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1586.

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1586 ón gCoimisiún an 26 Iúil 2023 maidir le caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le hinnealra arna ndréachtú chun tacú le Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 194, 2.8.2023, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/1586/oj).

(7) Ar bhonn an dara hiarraidh, dhréachtaigh CEN na caighdeáin chomhchuibhithe nua EN ISO 3991:2025, EN ISO 4254-20:2025, chomh maith le EN 17745:2025.

(8) Ar bhonn an dara hiarraidh, rinne CEN athbhreithniú ar na caighdeáin chomhchuibhithe seo a leanas, caighdeáin ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1586: EN ISO 19932-1:2013, EN ISO 19932-2:2013, chomh maith le EN ISO 28139:2009. Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh na caighdeáin chomhchuibhithe seo a leanas: EN ISO 19932-1:2025, EN ISO 19932-2:2025, agus EN ISO 28139:2021 agus an leasú air, EN ISO 28139:2021/A1:2024.

(9) Rinne an Coimisiún measúnú, i gcomhar le CEN agus Cenelec, féachaint an gcomhlíontar na hiarrataí ábhartha leis na caighdeáin chomhchuibhithe nua athbhreithnitheacha agus leasaitheacha.

(10) Comhlíonann na caighdeáin chomhchuibhithe seo a leanas na cuspóirí sábháilteachta is aidhm dóibh a chumhdach, ar cuspóirí iad a leagtar amach i dTreoir 2006/42/CE: EN ISO 3744:2026; EN ISO 13855:2024; EN ISO 14119:2025, arna leasú le EN ISO 14119/A11:2026; EN IEC 62061:2021, arna leasú le EN IEC 62061:2021/A1:2024; EN 81-30:2025; EN 81-42:2025; EN 415-4:2025; EN 1175:2025; EN ISO 3991:2025; EN ISO 4254-7:2017, arna leasú le EN ISO 4254-7/A1:2026; EN ISO 4254-20:2025; EN ISO 6909:2026; EN ISO 8437-1:2021, arna leasú le EN ISO 8437-1:2021/A1:2026; EN ISO 8437-2:2021, arna leasú le EN ISO 8437-2:2021/A1:2026; EN ISO 8437-3:2021, arna leasú le EN ISO 8437-3:2021/A1:2026; EN ISO 8437-4:2021, arna leasú le EN ISO 8437-4:2021/A1:2026; EN ISO 8528-13:2026; EN ISO 10218-1:2025; EN ISO 10218-2:2025; EN ISO 11680:2025; EN 12312-1:2024; EN 12693:2026; EN 13001-3-5:2025; EN 13288:2025; EN ISO 16089:2025; EN 16474:2025; EN 17657:2025; EN 17745:2025; EN 17969:2026; EN ISO 18497-1:2024; EN ISO 18497-2:2024; EN ISO 18497-3:2024; EN ISO 18497-4:2024; EN ISO 19085-4:2024; EN ISO 19085-5:2024; EN ISO 19085-6:2024; EN ISO 19085-7:2024; EN ISO 19085-8:2024; EN ISO 19085-9:2024; EN ISO 19085-11:2024; EN ISO 19085-12:2024; EN ISO 19085-13:2025; EN ISO 19085-15:2025; EN ISO 19932-1:2025; EN ISO 19932-2:2025; EN ISO 23063:2025; EN ISO 23779:2025; EN ISO 28139:2021, arna leasú le EN ISO 28139:2021/A1:2024; EN 50374:2025, arna leasú le EN 50374:2025/A1:2025; EN ISO/ASTM 52938-1:2025; EN IEC 60335-2-34:2023, arna leasú le EN IEC 60335-2-34:2023/A11:2023, agus EN IEC 60335-2-34:2023/A12:2025; EN 60335-2-38:2003, arna cheartú le EN 60335-2-38:2003/AC:2007 agus arna leasú le EN 60335-2-38:2003/A1:2008, EN 60335-2-38:2003/A2:2024 agus EN 60335-2-38:2003/A11:2024; EN IEC 60335-2-40:2024, arna leasú le EN IEC 60335-2-40:2024/A11:2024; EN IEC 60335-2-58:2025, arna leasú le EN IEC 60335-2-58:2025/A11:2025; EN IEC 62841-2-6:2020, arna leasú le EN IEC 62841-2-6:2020/A11:2020 EN IEC 62841-2-6:2020/A1:2024 agus EN IEC 62841-2-6:2020/A12:2024 agus arna cheartú le EN IEC 62841-2-6:2020/AC:2024-11; EN IEC 62841-2-7:2024 arna leasú le EN IEC 62841-2-7:2024/A11:2024 agus arna cheartú le EN IEC 62841-2-7:2024/AC:2025-07; EN 62841-2-11:2016, arna leasú le EN 62841-2-11:2016/A1:2020 agus EN 62841-2-11:2016/A11:2024; EN IEC 62841-2-12:2024, arna leasú le EN IEC 62841-2-12:2024/A11:2024 agus arna cheartú le EN IEC 62841-2-12:2024/AC:2025-11; EN IEC 62841-2-18:2026, arna leasú le EN IEC 62841-2-18:2026/A11:2026; EN IEC 62841-2-19:2025, arna leasú le EN IEC 62841-2-19:2025/A11:2025; EN IEC 62841-2-20:2025, arna leasú le EN IEC 62841-2-20:2025/A11:2025;EN IEC 62841-2-22:2025, arna leasú le EN IEC 62841-2-22:2025/A11:2025; EN IEC 62841-2-23:2026, arna leasú le EN IEC 62841-2-23:2026/A11:2026; EN IEC 62841-3-16:2026, arna leasú le EN IEC 62841-3-16:2026/A11:2026; EN IEC 62841-4-4:2026, arna leasú le EN IEC 62841-4-4:2026/A1:2026 agus EN IEC 62841-4-4:2026/A11:2026; EN IEC 62841-4-6:2024, arna leasú le EN IEC 62841-4-6:2024/A11:2024 agus arna cheartú le EN IEC 62841-4-6:2024/AC:2026-06; agus EN IEC 62841-4-8:2025, arna leasú le EN IEC 62841-4-8:2025/A11:2025. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe sin, chomh maith leis na leasuithe agus na ceartúcháin orthu, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(11) In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1586 liostaítear na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe sin a fhágann go nglactar leis go bhfuil comhréir ann le Treoir 2006/42/CE. Chun a áirithiú gur in aon ghníomh amháin a liostaítear na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe arna ndréachtú chun tacú le Treoir 2006/42/CE, ba cheart na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe, mar aon leis na leasuithe agus na ceartúcháin orthu, dá dtagraítear san aithris roimhe seo, a chuimsiú san Iarscríbhinn sin.

(12) Thairis sin, cheartaigh CEN caighdeáin chomhchuibhithe EN 13155:2020+A1:2025 agus EN 14439:2025. Dá bhrí sin, is gá na ceartúcháin sin a léiriú dá réir sin i gCuid a Trí d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1586.

(13) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1586 a leasú dá réir sin.

(14) Ó tharla go n-aisghairtear Treoir 2006/42/CE le Rialachán (AE) 2023/1230 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) le héifeacht ón 20 Eanáir 2027, is gá Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1586 a aisghairm, le héifeacht ón dáta sin.

(15) Is éard a thugtar le fios le caighdeán comhchuibhithe a chomhlíonadh go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na ceanglais fhíor-riachtanacha chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais ón dáta a fhoilsítear an tagairt don chaighdeán sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm dáta a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1586 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1586 le héifeacht ón 20 Eanáir 2027.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([6]) Rialachán (AE) 2023/1230 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2023 maidir le hinnealra agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 73/361/CEE ón gComhairle (IO L 165, 29.6.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1230/oj).

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1586 mar a leanas:

(1) i gCuid a Dó, pointe 2, cuirtear na rónna seo a leanas isteach in ord seicheamhach:

‘32a.	EN ISO 3744:2026 Fuaimíocht – Leibhéil cumhachta fuaime foinsí torainn a chinneadh agus brú fuaime á úsáid – Modhanna innealtóireachta le haghaidh réimse atá saor go bunúsach thar phlána frithchaiteach (ISO 3744:2025, lena n-áirítear an leagan ceartaithe 2026-01)’;
‘71a.	EN ISO 13855:2024 Sábháilteacht innealra – Suíomh cosaintí i ndáil le teacht i ngaireacht chorp an duine (ISO 13855:2024)’;
‘77a.	EN ISO 14119:2025 Sábháilteacht innealra – Feistí comhghlasáilte a bhaineann le gardaí – Prionsabail maidir le dearadh agus rogha (ISO 14119:2024) EN ISO 14119/A11:2026’;
‘104a.	EN IEC 62061:2021 Sábháilteacht innealra – Sábháilteacht fheidhmiúil córas rialaithe a bhaineann le sábháilteacht EN IEC 62061:2021/A1:2024’;

(2) Leasaítear Cuid a Trí, pointe 2, mar a leanas:

(a) cuirtear na rónna seo a leanas isteach in ord seicheamhach:

‘1a.	EN 81-30:2025 Rialacha sábháilteachta maidir le tógáil agus suiteáil ardaitheoirí – Ardaitheoirí chun earraí a iompar amháin – Cuid 30: Ardaitheoirí seirbhísí leictreacha agus hiodrálacha’;
‘4b.	EN 81-42:2025 Rialacha sábháilteachta maidir le tógáil agus suiteáil ardaitheoirí – Ardaitheoirí speisialta chun earraí agus daoine a iompar amháin – Cuid 42: Fearais ardaithe ingearacaha ag a bhfuil iompróir iata agus atá ceaptha lena n-úsáid ag daoine, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas’;
‘14a.	EN 415-4:2025 Sábháilteacht meaisíní pacáistithe – Cuid 4: Luchtóirí paillead agus dí-luchtóirí paillead agus trealamh gaolmhar’;
‘102a.	EN 1175:2025 Sábháilteacht trucailí tionsclaíocha – Ceanglais leictreacha/leictreonacha’;
‘191a.	EN ISO 3991:2025 Innealra talmhaíochta – Córais bheatha róbatacha – Sábháilteacht (ISO 3991:2025)’;
‘195a.	EN ISO 4254-7:2017 Innealra talmhaíochta - Sábháilteacht – Cuid 7: Comhbhuainteoirí, buainteoirí foráiste, buainteoirí cadáis agus buainteoirí cána siúcra (ISO 4254-7:2017, leagan ceartaithe 2019-03) EN ISO 4254-7/A1:2026’;
‘202a.	EN ISO 4254-20:2025 Innealra talmhaíochta – Sábháilteacht – Cuid 20: Buainteoirí fíonchaor, ológ agus caife (ISO 4254-20:2025)’;

‘209a.	EN ISO 6909:2026 Meaisínuirlisí – Sábháilteacht – Brúchoscáin (ISO 6909:2026)’;
‘213a.	EN ISO 8437-1:2021 Caiteoirí sneachta - Ceanglais sábháilteachta agus nósanna imeachta tástála – Cuid 1: Téarmaíocht agus tástálacha coiteanna (ISO 8437-1:2019/Amd 1:2026) EN ISO 8437-1:2021/A1:2026’;
‘213b.	EN ISO 8437-2:2021 Caiteoirí sneachta – Ceanglais sábháilteachta agus nósanna imeachta tástála – Cuid 2: Caiteoirí sneachta faoi rialú coisithe (ISO 8437-2:2019/Amd 1:2026) EN ISO 8437-2:2021/A1:2026’;
‘213c.	EN ISO 8437-3:2021 Caiteoirí sneachta – Ceanglais sábháilteachta agus nósanna imeachta tástála – Cuid 3: Caiteoirí sneachta marcaíochta (ISO 8437-3:2019/Amd 1:2026) EN ISO 8437-3:2021/A1:2026’;
‘213d.	EN ISO 8437-4:2021 Caiteoirí sneachta – Ceanglais sábháilteachta agus nósanna imeachta tástála – Cuid 4: Ceanglais bhreise náisiúnta agus réigiúnacha (ISO 8437-4:2019/Amd 1:2026) EN ISO 8437-4:2021/A1:2026’;
‘215a.	EN ISO 8528-13:2026 Tacair ghiniúna srutha ailtéarnaigh faoi thiomáint innill inmheánaigh fhrithingigh dó – Cuid 13: Sábháilteacht (ISO 8528-13:2026)’;
‘223a.	EN ISO 10218-1:2025 An róbataic - Ceanglais sábháilteachta – Cuid 1: Róbait thionsclaíocha (ISO 10218-1:2025)’;
‘224a.	EN ISO 10218-2:2025 An róbataic – Ceanglais sábháilteachta - Cuid 2: Feidhmeanna róbait thionsclaíoch agus cealla róbait (ISO 10218-2:2025)’;
‘261a.	EN ISO 11680:2025 Innealra le haghaidh foraoiseachta – Ceanglais sábháilteachta agus tástáil le haghaidh prúnairí cumhachtaithe iniompartha atá suite ar chuaillí (ISO 11680:2025)’;
‘288a.	EN 12312-1:2024 Trealamh tacaíochta ar thalamh d’aerárthaí – Riachtanais shainiúla – Cuid 1: Staighrí paisinéirí’;
‘348a.	EN 12693:2026 Córais chuisniúcháin agus caidéil teasa – Ceanglais sábháilteachta agus chomhshaoil – Comhbhrúiteoirí cuisneáin toillíochta dearfaí’;
‘375a.	EN 13001-3-5:2025 Craenacha – Dearadh ginearálta – Cuid 3-5: Riochtaí Teorann agus fianaise ar inniúlacht maidir le crúcaí gaibhnithe agus teilgthe’;
‘406a.	EN 13288:2025 Innealra próiseála bia – Meaisíní ardaithe agus claonta babhla – Riachtanais sábháilteachta agus sláinteachais’;
‘516a.	EN ISO 16089:2025 Meaisínuirlisí – Sábháilteacht – Meaisíní meilte seasta (ISO 16089:2025)’;

‘545a.	EN 16474:2025 Meaisíní plaistice agus rubair – Meaisíní chun boinn a chruachan – Ceanglais sábháilteachta’;
‘572 – aa.	EN 17657:2025 Trealaimh le haghaidh seamlas – Gaistí maraithe le haghaidh bó-ainmhithe – Ceanglais sábháilteachta agus ghlantacháin’;
‘572c.	EN 17745:2025 Innealra talmhaíochta agus foraoiseachta – Ceanglais chomhshaoil maidir leis an bhforchuradóir gráinníní i dtáirgí cosanta plandaí’;
‘573b.	EN 17969:2026 Innealra crécharta – Sábháilteacht – Córais chosanta ar éilliú’;
‘574a.	EN ISO 18497-1:2024 Innealra talmhaíochta agus tarracóirí – Sábháilteacht maidir le hinnealra páirt-uathoibríoch, leath-uathrialaitheach agus uathrialaitheach – Cuid 1: Prionsabail agus foclaíocht um dhearadh meaisíní (ISO 18497-1:2024)’;
‘574b.	EN ISO 18497-2:2024 Innealra talmhaíochta agus tarracóirí – Sábháilteacht maidir le hinnealra páirt-uathoibríoch, leath-uathrialaitheach agus uathrialaitheach – Cuid 2: Prionsabail dearaidh le haghaidh córais cosanta bacainní (ISO 18497-2:2024)’;
‘574c.	EN ISO 18497-3:2024 Innealra talmhaíochta agus tarracóirí – Sábháilteacht maidir le hinnealra páirt-uathoibríoch, leath-uathrialaitheach agus uathrialaitheach – Cuid 3: Criosanna oibriúcháin uathrialaitheacha (ISO 18497-3:2024)’;
‘574d.	EN ISO 18497-4:2024 Innealra talmhaíochta agus tarracóirí – Sábháilteacht maidir le hinnealra páirt-uathoibríoch, leath-uathrialaitheach agus uathrialaitheach – Cuid 4: Modhanna fíorúcháin agus prionsabail bhailíochtaithe (ISO 18497-4:2024)’;
‘578a.	EN ISO 19085-4:2024 Meaisíní adhmadóireachta – Sábháilteacht – Cuid 4: Meaisíní sáfa chiorclaigh painéil ingearaigh (ISO 19085-4:2024)’;
‘579a.	EN ISO 19085-5:2024 Meaisíní adhmadóireachta – Sábháilteacht – Cuid 5: Sábha toisithe (ISO 19085-5:2024)’;
‘580a.	EN ISO 19085-6:2024 Meaisíní adhmadóireachta – Sábháilteacht – Cuid 6: Meaisíní múnlaithe ingearacha aonfhearsaide (‘toupie’) (ISO 19085-6:2024)’;
‘581a.	EN ISO 19085-7:2024 Meaisíní adhmadóireachta – Sábháilteacht – Cuid 7: Meaisíní plánála dromchla, meaisíní plánála tiúis agus meaisíní plánála dromchla/tiúis comhcheangailte (ISO 19085-7:2024)’;
‘582a.	EN ISO 19085-8:2024 Meaisíní adhmadóireachta – Sábháilteacht – Cuid 8: Meaisíní greanála leathan-chreasa agus meaisíní cóireála dromchla (ISO 19085-8:2024)’;
‘583a.	EN ISO 19085-9:2024 Meaisíní adhmadóireachta – Sábháilteacht – Cuid 9: Binsí sábha ciorclacha (le bord sleamhnáin agus gan é) (ISO 19085-9:2024)’;

‘585 – a.	EN ISO 19085-11:2024 Meaisíní adhmadóireachta – Sábháilteacht – Cuid 11: Meaisíní comhcheangailte (ISO 19085-11:2024)’;
‘585b.	EN ISO 19085-12:2024 Meaisíní adhmadóireachta – Sábháilteacht – Cuid 12: Meaisíní tionúraithe/próifílithe (ISO 19085-12:2024)’;
‘586a.	EN ISO 19085-13:2025 Meaisíní adhmadóireachta – Sábháilteacht – Cuid 13: Meaisíní sracsháfa il-lann le lódáil agus/nó dílódáil de láimh (ISO 19085-13:2025)’;
‘588a.	EN ISO 19085-15:2025 Meaisíní adhmadóireachta – Sábháilteacht – Cuid 15: Fáisceáin (ISO 19085-15:2025)’;
‘595a.	EN ISO 19932-1:2025 Trealamh le haghaidh barra a chosaint – Spraeirí cnapsaic – Cuid 1: Ceanglais sábháilteachta agus chomhshaoil (ISO 19932-1:2025)’;
‘596a.	EN ISO 19932-2:2025 Trealamh le haghaidh barra a chosaint – Spraeirí cnapsaic – Cuid 2: Modhanna tástála (ISO 19932-2:2025)’;
‘603a.	EN ISO 23063:2025 Innealra teilgcheárta – Ceanglais sábháilteachta maidir le meaisíní teilgthe dísle ardbhrú (ISO 23063:2024)’;
‘604 – a.	EN ISO 23779:2025 Innealra roisghlanta – Ceanglais sábháilteachta agus chomhshaoil (ISO 23779:2024)’;
‘605a.	EN ISO 28139:2021 Trealamh le haghaidh barra a chosaint – Spraeirí cnapsaic aer-roiste faoi thiomáint innill dó – Ceanglais sábháilteachta agus chomhshaoil agus modhanna tástála (ISO 28139:2019) EN ISO 28139:2021/A1:2024’;
‘621a.	EN 50374:2025 Carranna seoltóra EN 50374:2025/A1:2025’;
‘631a.	EN ISO/ASTM 52938-1:2025 Monarú suimitheach miotal – Comhshaol, sláinte agus sábháilteacht – Cuid 1: Ceanglais sábháilteachta maidir le meaisíní PBF-LB (ISO 52938-1:2025)’;
‘635a.	EN IEC 60335-2-34:2023 Fearais tí agus fearais leictreacha dá samhail – Sábháilteacht – Cuid 2-34: Ceanglais ar leith maidir le comhbhrúiteoirí mótair (IEC 60335-2-34:2021) EN IEC 60335-2-34:2023/A11:2023 EN IEC 60335-2-34:2023/A12:2025’;
‘637a.	EN 60335-2-38:2003 Fearais tí agus fearais leictreacha dá samhail – Sábháilteacht – Cuid 2-38: Ceanglais ar leith maidir le gridillí leictreacha tráchtála agus gríoscáin ghridille EN 60335-2-38:2003/AC:2007 EN 60335-2-38:2003/A1:2008 EN 60335-2-38:2003/A2:2024 EN 60335-2-38:2003/A11:2024’;

‘638a.	EN IEC 60335-2-40:2024 Fearais tí agus fearais leictreacha dá samhail – Sábháilteacht – Cuid 2-40: Ceanglais ar leith maidir le caidéil teasa leictreacha, aerchóiritheoirí leictreacha agus díthaisirí leictreacha (IEC 60335-2-40:2022 + COR1:2024) EN IEC 60335-2-40:2024/A11:2024’;
‘644a.	EN IEC 60335-2-58:2025 Fearais tí agus fearais leictreacha dá samhail – Sábháilteacht – Cuid 2-58: Ceanglais ar leith maidir le meaisíní miasnite leictreacha tráchtála (IEC 60335-2-58:2017) EN IEC 60335-2-58:2025/A11:2025’;
‘677a.	EN IEC 62841-2-6:2020 Uirlisí láimhe a oibrítear le mótar leictreach, uirlisí iniompartha agus innealra faiche agus gairdín – Sábháilteacht – Cuid 2-6: Ceanglais shainiúla maidir le casúir láimhe (IEC 62841-2-6:2020) EN IEC 62841-2-6:2020/A11:2020 EN IEC 62841-2-6:2020/AC:2024-11 EN IEC 62841-2-6:2020/A1:2024 EN IEC 62841-2-6:2020/A12:2024’;
‘677b.	EN IEC 62841-2-7:2024 Uirlisí láimhe a oibrítear le mótar leictreach, uirlisí iniompartha agus innealra faiche agus gairdín – Sábháilteacht – Cuid 2-7: Ceanglais ar leith maidir le spraeghunnaí láimhe (IEC 62841-2-7:2024) EN IEC 62841-2-7:2024/A11:2024 EN IEC 62841-2-7:2024/AC:2025-07’;
‘681b.	EN 62841-2-11:2016 Uirlisí láimhe a oibrítear le mótar leictreach, uirlisí iniompartha agus innealra faiche agus gairdín – Sábháilteacht – Cuid 2-11: Riachtanais shainiúla le haghaidh sábha frithingeacha láimhe (IEC 62841-2-11:2015, modhnaithe) EN 62841-2-11:2016/A1:2020 EN 62841-2-11:2016/A11:2024’;
‘681c.	EN IEC 62841-2-12:2024 Uirlisí láimhe a oibrítear le mótar leictreach, uirlisí iniompartha agus innealra faiche agus gairdín – Sábháilteacht – Cuid 2-12: Ceanglais ar leith maidir le creathadóirí coincréite (IEC 62841-2-12:2024) EN IEC 62841-2-12:2024/A11:2024 EN IEC 62841-2-12:2024/AC:2025-11’;
‘683a.	EN IEC 62841-2-18:2026 Uirlisí láimhe a oibrítear le mótar leictreach, uirlisí iniompartha agus innealra faiche agus gairdín – Sábháilteacht – Cuid 2-18: Ceanglais ar leith maidir le huirlisí láimhe daingnithe (IEC 62841-2-18:2024 + COR1:2025) EN IEC 62841-2-18:2026/A11:2026’;
‘683b.	EN IEC 62841-2-19:2025 Uirlisí láimhe a oibrítear le mótar leictreach, uirlisí iniompartha agus innealra faiche agus gairdín – Sábháilteacht – Cuid 2-19: Ceanglais ar leith maidir le siúntálaithe (IEC 62841-2-19:2024) EN IEC 62841-2-19:2025/A11:2025’;
‘683c.	EN IEC 62841-2-20:2025 Uirlisí láimhe a oibrítear le mótar leictreach, uirlisí iniompartha agus innealra faiche agus gairdín – Sábháilteacht – Cuid 2-20: Ceanglais ar leith maidir le crios-sábha láimhe (IEC 62841-2-20:2024) EN IEC 62841-2-20:2025/A11:2025’;

‘684a.	EN IEC 62841-2-22:2025 Uirlisí láimhe a oibrítear le mótar leictreach, uirlisí iniompartha agus innealra faiche agus gairdín – Sábháilteacht – Cuid 2-22: Ceanglas ar leith maidir le meaisíní láimhe gearrtha (IEC 62841-2-22:2025) EN IEC 62841-2-22:2025/A11:2025’;
‘684b.	EN IEC 62841-2-23:2026 Uirlisí láimhe a oibrítear le mótar leictreach, uirlisí iniompartha agus innealra faiche agus gairdín – Sábháilteacht – Cuid 2-23: Ceanglais ar leith maidir le líomhadóirí láimhe dísle agus uirlisí rothlacha beaga (IEC 62841-2-23:2024) EN IEC 62841-2-23:2026/A11:2026’;
‘694a.	EN IEC 62841-3-16:2026 Uirlisí láimhe a oibrítear le mótar leictreach, uirlisí iniompartha agus innealra faiche agus gairdín – Sábháilteacht – Cuid 3-16: Ceanglais ar leith maidir le criosghreanóirí iniompartha, dioscghreanóirí iniompartha agus greanóirí iniompartha ina bhfuil crios agus diosca (IEC 62841-3-16:2025) EN IEC 62841-3-16:2026/A11:2026’;
‘697a.	EN IEC 62841-4-4:2026 Uirlisí láimhe a oibrítear le mótar leictreach, uirlisí iniompartha agus innealra faiche agus gairdín – Sábháilteacht – Cuid 4-4: Riachtanais shainiúla maidir le bearrthóirí faiche, bearrthóirí imeall faichí, bearrthóirí féir, gearrthóirí caschoille agus sábha caschoille (IEC 62841-4-4:2020) EN IEC 62841-4-4:2026/A1:2026 EN IEC 62841-4-4:2026/A11:2026’;
‘698a.	EN IEC 62841-4-6:2024 Uirlisí láimhe a oibrítear le mótar leictreach, uirlisí iniompartha agus innealra faiche agus gairdín – Sábháilteacht – Cuid 4-6: Riachtanais shainiúla maidir le séidirí gairdín, folúsghlantóirí gairdín agus séidirí/folúsghlantóirí gairdín (IEC 62841-4-6:2022) EN IEC 62841-4-6:2024/A11:2024 EN IEC 62841-4-6:2024/AC:2026-06’;
‘699a.	EN IEC 62841-4-8:2025 Uirlisí láimhe a oibrítear le mótar leictreach, uirlisí iniompartha agus innealra faiche agus gairdín – Sábháilteacht – Cuid 4-8: Ceanglais ar leith maidir le mionghearrthóirí/meaisíní sliste EN IEC 62841-4-8:2025/A11:2025’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad rónna 401a agus 457a:

‘401a.	EN 13155:2020+A1:2025 Craenacha – Sábháilteacht – Feistis ardaithe ualaí nach bhfuil daingnithe EN 13155:2020+A1:2025/AC:2026’;
‘457a.	EN 14439:2025 Craenacha – Craenacha túir EN 14439:2025/AC:2026’.